MRB in OSPS

# Beart a Dhéanamh

## An Tionscadal á Roghnú

Roghnaigh tionscadal de réir do chuid foghlama.
Bí cinnte go bhfuil suim agat i bhfoghlaim a thuilleadh faoi, i ndáiríre.

## Déan Taighde

Faigh eolas iontaofa ábhartha. Cuir an t-eolas in eagar agus déan taifead air, déan do mhachnamh ar cad is ciall leis chun tátail shoiléire a bhaint as. Léirigh gur féidir leat foinsí maithe a roghnú agus iad a úsáid mar is ceart.

## Gníomh

Is iomaí cruth atá ar ghníomh, amhail suirbhé a dhéanamh, eolas ar shaincheist atá tábhachtach do dhaoine óga a roinnt, imeacht a eagrú, cur le tuiscint, réití le haghaidh dúshláin fíorshaoil a mholadh, tacaíochtaí i dtaobh na sláinte is folláine a chur chun cinn, nó bheith ag labhairt ar son athrú.

## Tuairiscigh

Tá tuarascáil le déanamh ina mínítear an gníomh a ghlac tú chun cur le tuiscint agus chun gné den sláinte agus folláine a chur chun cinn. Is féidir é a chur i láthair i bhformáid ilmhódach, bhéil, nó amhairc. Bí cinnte go léirítear go soiléir an tslí ar ghlac tú páirt i ngníomh fiúntach agus an tionchar a bhí aigesean.

## Machnaigh

Déan do mhachnamh ar do chuid foghlama le linn an tionscadail. Mínigh cad é an tábhacht leis an gníomh sin, cad atá á fhoghlaim agat as bheith rannpháirteach ann, cad iad na léargais nua atá faighte agat, agus cad is fiú an taithí sin i do shaol féin.

## Na Gnéithe Cáilíochta

**Thar barr ar fad**

Léiríonn an tuairisc taighde thar barr ar fad, chomh maith le rogha iontach eolais ábhartha iontaofa chuí, agus úsáid iontach as. Léiríonn sé feasacht iontach ar an spriocphobal agus machnamh ar na bealaí chun tionscadal fiúntach a chruthú chun feasacht a ardú ar thopaic nó ábhar imní a bhaineann leis an tsláinte/leis an bhfolláine. Tá fianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta géarchúiseach ar an bhfoghlaim agus go bhfuil cumas aige machnamh a dhéanamh ar a gciallaíonn sé sin don scoláire.

**Os cionn na n-iochas**

Léiríonn an tuairisc taighde an-mhaith agus an cumas eolas ábhartha iontaofa cuí a roghnú agus a úsáid. Léiríonn sé feasacht shoiléir ar an spriocphobal agus machnamh ar na bealaí chun tionscadal fiúntach a chruthú chun feasacht a ardú ar thopaic nó ábhar imní a bhaineann leis an tsláinte/leis an bhfolláine. Tá fianaise mhaith le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim agus ar a gciallaíonn sé don scoláire.

**Ag teacht leis na hionchais**

Léiríonn an tuairisc úsáid mhaith, cé go bhfuil sí teoranta, as taighde. Níor léir machnamh ar an taighde is ábhartha, is iontaofa agus is cuí chun críche an tionscadail. Léiríonn an tuairisc roinnt feasachta ar an spriocphobal ach níl aon mhachnamh ann maidir leis an mbealach le tionchar a chruthú. Tá roinnt fianaise ar mhachnamh pearsanta ar an bhfoghlaim ann. Níl aon mhachnamh ar a gciallaíonn sé sin don scoláire le feiceáil, áfach.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**

Tá scileanna teoranta taighde agus measúnúcháin eolais sa tuairisc. Níl feasacht ar an spriocphobal sa tionscadal ná aon mhachnamh ar an méid a fhágann go mbíonn gníomhaíocht feasachta fiúntach. Níl ach beagán fianaise nó níl aon fhianaise le feiceáil go ndearnadh machnamh pearsanta ar an bhfoghlaim ná ar a gciallaíonn sé don scoláire.

cc BY NC